Buaicphointí Airgeadais

	2006 €m	2005 €m
Láimhdeachas	818.8	752.9
Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla	14.7	16.2
Brabús don bhliain airgeadais	75.7	40.7
Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla mar % de láimhdeachas	1.8%	2.2%

Anailís ar Láimhdeachas



Anailís ar Chostais Oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla



"Maidir le **Perlico**, is sinn an soláthróir eile is mó atá chun cinn in Éirinn i ndáil le seirbhísí fóin baile agus leathanbhanda. Tugaimid fíor-rogha agus praghsanna i bhfad níos ísle ar fáil dár gcustaiméirí. Bainimid úsáid as táirgí Phost Díreach de chuid An Post chun ár dteachtaireacht a chur in iúl le go bhfeicfidh daoine cé chomh maith is atá Perlico i gcomparáid le soláthróirí atá ann cheana dóibh féin. Is príomhuirlis é Post Díreach dúinn chun ár teachtaireacht bhranda agus ár bpraghsanna iomaíocha a chur abhaile ar ár spriocmhargadh."

Padraig O'Neill Bainisteoir Forbartha Margaíochta

An teachtaireacht a chur in iúl!

Bord Stiúrthóirí agus Faisnéis Chorparáideach

Margaret McGinley, B.A., LL.B.
Cathaoirleach – 2,3
Aois 47
Ceaptha 4 Feabhra, 2003; an dara téarma
Ceapadh Bean McGinley ina Cathaoirleach i mí Feabhra 2003, tar éis di a bheith ag fónamh mar stiúrthóir ar An Post le cúig bliana. Is páirtnéir í i McGinley & Co., Aturnaetha, Baile na nGallóglach agus Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

Patrick Compton
Fostaí-Stiúrthóir
Aois 50
Ceaptha 1 Samhain, 2004; an ceathrú téarma
Tá an tUasal Compton ag obair sa tseirbhís phoist le tríocha ceathair bliain anuas agus is é an post atá aige faoi láthair ná Comhordaitheoir Comhpháirtíochta, bunaithe i Ros Comáin. Bhí sé ina chomhalta d'fheidhmeannas náisiúnta Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide le fiche dó bliain agus ina uachtarán air i 1986. Tá sé gníomhach i bhforbairt phobail ina cheantar áitiúil agus is comhalta é de Bhord Leader na hAirgní agus de Bhord Forbartha Chontae Ros Comáin.

Jerry Condon
Fostaí-Stiúrthóir – 2
Aois 53
Ceaptha 1 Samhain, 2004; an tríú téarma
Thosaigh an tUasal Condon ag obair i 1971 leis an Roinn Poist agus Telegrafa agus bhí sé ag obair mar Chléireach Oifige Poist dá shlí bheatha ar fad. Bhí sé ina chomhalta gníomhach de Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide ar feadh a shlí beatha agus d'fhóin sé ar fheidhmeannas náisiúnta an cheardchumainn sin ar feadh trí bliana déag.

Donal Connell, C.Eng., F.I.E.I., B.E.
Siúrthóir – 2
Aois 53
Ceaptha 14 Lúnasa, 2006
Ceapadh an tUasal Connell mar Phríomhfheidhmeannach an 14 Lúnasa, 2006. Thosaigh sé a shlí bheatha leis an Roinn Poist agus Telegrafa agus bhí poist shinsearacha bainistíochta aige i Unitrode Ireland, 3Com Ireland agus Maxtor Ireland áit a raibh sé mar Bhainisteoir Ginearálta sula thosaigh sé le An Post. Is stiúrthóir neamhfheidhmeannach é de Bhord Eorpach Xilinx Corporation agus tá sé ina Chathaoirleach ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir. Tá sé ina Chathaoirleach ar An Post National Lottery Company freisin.

James Hyland, B.Comm., F.C.A., F.C.I.S., M.C.I.Arb., M.E.W.I.
Siúrthóir – 1
Aois 71
Ceaptha 11 Nollaig, 2003
Bhí an tUasal Hyland ina Leas-Phríomhfheidhmeannach tráth ar Golden Vale Group agus bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach Grúpa ar Youghal Carpets plc. I láthair na huaire is é an Stiúrthóir Bainistíochta ar James Hyland & Company, Cuntasóirí Fóiréinseacha, agus tá sé ina Chomhpháirtí Bainistíochta ar Hyland Johnson Murray, Cuntasóirí Cairte. Tá sé ina Chathaoirleach nó stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí chomh maith lena n-áirítear An Post National Lottery Company.

Terry Kelleher, Diop. Caidreamh Tionscail
Fostaí-Stiúrthóir
Aois 39
Ceaptha 1 Samhain, 2004
Chuir an tUasal Kelleher tús lena shlí bheatha in An Post i 1987 nuair a chuaigh sé leis an gCuideachta mar Chúntóir Cléireachais. Tá sé fostaithe faoi láthair mar Oifigeach Cléireachais sa rannóg Aisíocaíochtaí Coigiltis in Ard-Oifig an Phoist. Is comhalta gníomhach agus iontaobhaí é ar Cheardchumann na Seirbhíse Sibhialta agus Poiblí, d'fhóin sé mar rúnaí craoibhe in An Post agus ar Fheidhmeannas Náisiúnta an Cheardchumainn.

Brian McConnell B.B.S.
Stiúrthóir
Aois 60
Ceaptha 3 Aibreán, 2003
Baincéir gairmiúil é an tUasal McConnell agus tá taithí ollmhór aige san Earnáil Seirbhísí Airgeadais. Bhí sé ag fónamh mar Phríomhfheidhmeannach ar Permanent tsb agus Ulster Investment Bank (Baincéireacht Chorparáideach/Airgeadas). Tá sé scortha anois agus bhí stiúrthóireachtaí eile aige i roinnt mhaith institiúidí airgeadais lena n-áirítear Irish Life and Permanent Plc, Ulster Bank Limited, Allianz Ireland, Irish Intercontinental Bank agus Kereskedelmi et Hittelsbank (An Ungáir).

Alice O'Flynn, B.A., MSc., Diop. Staidéar Dlí, Teastas. Dlí Coiteann na hEorpa
Siúrthóir – 1,3
Aois 54
Ceaptha 27 Bealtaine, 2002; an dara téarma
Chaith Bean O'Flynn an chuid is mó dá slí beatha oibre sa státseirbhís, ag obair ar dtús mar Oifigeach Feidhmiúcháin agus ansin mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Dlí agus Cirt agus ansin sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá sí ina Rúnaí Cúnta sa Roinn sin i láthair na huaire agus tá sí freagrach as acmhainní daonna, pinsin agus polasaí cúramóirí, forbairt chorparáideach agus iniúchadh inmheánach.

Patrick Davoren
Fostaí-Stiúrthóir – 1
Aois 57
Ceaptha 1 Samhain, 2004; an ceathrú téarma
Thosaigh an tUasal Davoren ag obair i 1965 leis an Roinn Poist agus Telegrafa agus bhí sé ag obair mar Chléireach Oifige Poist dá shlí bheatha ar fad. Bhí sé ina chomhalta gníomhach de Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide i rith a shlí bheatha. Bhí sé ina chisteoir don chraobh áitiúil ar feadh fiche bliain agus d'fhóin sé ar fheidhmeannas náisiúnta an cheardchumainn ar feadh dhá bhliain.

Thomas Devlin
Fostaí-Stiúrthóir – 2
Aois 47
Ceaptha 1 Samhain, 2004
Chuir an tUasal Devlin tús lena shlí bheatha in Oifig an Phoist i 1976 nuair a chuaigh sé leis an Roinn Poist agus Telegrafa mar Fhear Poist Sóisearach ag obair mar theachtaire in Oifig an Aire. Tá sé fostaithe faoi láthair mar Chigire ar Fhir Poist ag Stáisiún Beartán in Áth an Ghainimh. Is comhalta gníomhach é de Cheardchumann na nOibrithe Cumarsáide, d'fhóin sé ar an bhFeidhmeannas Náisiúnta ar feadh dhá bhliain agus bhí ina Chathaoirleach ar Chraobh Tiománaithe SDS ó 1996 go dtí 2004.

Louise English, B.Comm, F.C.A.
Stiúrthóir
Aois 44
Ceaptha 1 Meitheamh, 2005
Is cuntasóir gairmiúil í Louise English Uasal agus thosaigh sí a slí beatha le Craig Gardner/PriceWaterhouse agus ansin thosaigh sí i mbun oibre le IBI Corporate Finance. Bhí roinnt post aici ansin, lena n-áirítear Stiúrthóir ar Chumaisc & Éadálacha. Is comhalta í den Institiúid Stiúrthóirí agus bhí sí ag fónamh ar Bhoird roinnt cuideachaí poiblí agus príobháideacha Éireannacha lena n-áirítear Bord na Móna plc agus Sherry Fitzgerald plc. Is stiúrthóir neamhfheidhmeannach í faoi láthair ar St. Vincent's Healthcare Group Ltd agus cuideachtaí príobháideacha eile.

Ciara Hurley, B.B.S., M.B.S. (Baincéireacht & Airgeadas), M.S.I.
Stiúrthóir – 2
Aois 41
Ceaptha 3 Aibreán, 2006
Is Bainisteoir Infheistíochta í Ciara Hurley Uasal le Citigroup Quilter. Tá taithí os cionn sé bliana déag aici ag bainistiú cliant ardluacha agus fuair sí iad sin agus í ag obair le Stocbhróicéirí Goodbody, Merrill Lynch International Bank Ltd, áit ar oibrigh sí mar Stiúrthóir Infheistíochta, agus anois le Citigroup Quilter. Is comhalta í de Securities & Investment Institute (Éire) agus den Institiúid Stiúrthóirí freisin.

John Quinlivan, B..Sc.(Bainistíocht & Dlí), M.Sc (Pleanáil Spáis), Diop. i Riarachán Poiblí.
Siúrthóir – 2
Aois 68
Ceaptha 9 Bealtaine, 2003
Bhí slí bheatha fhada ag an Uasal Quinlivan i rialtas áitiúil, ag fónamh i bpoist shinsearacha i naoi gcontae, lena n-áirítear cúig bliana déag mar Bhainisteoir Chontae Lú. D'fhóin sé ar feadh cúig bliana mar chomhalta den Údarás um Bóithre Náisiúnta agus d'fhóin sé freisin mar chomhalta de Bhord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil agus Bord Seirbhísí Ríomhaireachta an Rialtais Áitiúil agus An Chomhairle.

Alan Sloane
Máistir Poist-Stiúrthóir
Aois 49
Ceaptha 1 Eanáir, 2007; an tríú téarma
D'oibrigh an tUasal Sloane i ngnó grósaera agus oifige poist an teaghlaigh ó 1976. Ceapadh ina mháistir poist ar oifig poist Loch Gamhna, Co. an Chabháin é i 1979. Tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar J.A.S Limited freisin, gnó déantúsaíochta cuntar slándála agus troscáin, a bhunaigh sé i 1985.

Peter Wyer, B.Comm., LL.B.
Siúrthóir – 3
Aois 58
Ceaptha 4 Feabhra, 2003; an dara téarma
I dtús a shlí bheatha, d'oibrigh an tUasal Wyer ar feadh tamaill i mbaincéireacht mharsantach ach tá an chuid is mó dá shlí bheatha caite aige i ndíolacháin. Chuaigh sé le Arch Motors Limited i nGaillimh i 1976 agus i láthair na huaire is é Stiúrthóir Díolachán agus Rúnaí Cuideachta na cuideachta sin é. Tá sé ina stiúrthóir freisin ar roinnt cuideachtaí gaolmhara eile.

RÚNAÍ
Michael Tyndall

OIFIG CHLÁRAITHE
Ard-Oifig an Phoist,
Sráid Uí Chonaill,
Baile Átha Cliath 1

INIÚCHÓIRÍ
KPMG,
Cuntasóirí Cairte

BAINCÉIRÍ
Banc na hÉireann

ATURNAETHA
Matheson Ormsby Prentice

EOCHAIR DO NA COISTÍ BOIRD

1 Iniúchadh agus Slándáil

2 Pearsanra

3 Luach Saothair



"Dhíol **Shop Direct** i ngar do 1 milliun táirge anuraidh le breis agus 100,000 custaiméir ar fud na hÉireann. Bhí soláthar gach ní i gceist leis sin – idir éadaí agus ceamaraí – díreach go dtí tithe na gcustaiméirí. Cuireann An Post an réiteach poist dhírigh ar fáil dúinn chun ár línte táirgí a chur chun cinn, líonra seachadta nach bhfuil a leithéid eile ar fáil agus cuirtear rogha íocaíochta ar fáil dár gcustaiméirí trí billpay, billpay.ie agus Postpoint. Seirbhís chuimsitheach chomhtháite."

Geoff Scully Stiúrthóir Tráchtála

Siopa aon stad

Ráiteas an Chathaoirligh

Margaret McGinley
Cathaoirleach

Réamhrá

Ó cheadaigh an Bord an Plean Aisghabhála Straitéiseach trí bliana ó shin, tá feabhas ollmhór tagtha ar sheasamh trachtála agus airgeadais na Cuideachta. Rinneadh forbairt dhearfach ar phríomhghnóthaí, réiteach i go leor réimsí dár gcaidrimh tionscail agus thar aon ní eile, tá muinín i dtodhchaí an ghnó ina iomláin arís. Cé go bhfuil go leor dúshlán fós romhainn, agus roinnt acu suntasach go maith, táimid ábalta aghaidh a thabhairt orthu anois agus tuiscint shoiléir againn ar cad atá riachtanach agus muid cinnte de go bhfuilimid ábalta dul ina mbun. Léiríonn roinnt forbairtí i rith na bliana, agus b'fhéidir gurb é an comhfhiontar seirbhísí airgeadais nua spleodrach an ceann is tábhachtaí, an méid dul chun cinn atá déanta i tréimhse ama gairid go maith.

Feidhmíocht Airgeadais

Ba é €75.7m an brabús tar éis cánach don bhliain airgeadais, ardú ar bhrabús €40.7m na bliana roimhe sin. Tá toradh na bliana mar thoradh i bpáirt ar ghnóthachan eisceachtúil a tháinig as an iar- áras beartán ar Bhóthar an Náis a dhíol.

I 2006, rinne An Post brabús oibriúcháin, roimh dhámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha, de €14.7m. Cé go bhfáiltítear roimh na brabúis sin, tá an leibhéal sin brabúis íseal go maith i gcomparáid leis an méid a theastaíonn le haghaidh infheistíochta agus athnuachana i gcuideachta atá chomh mór le An Post.

D'ardaigh ioncaim i 2006 8.8% bliain i ndiaidh bliana go €819m. Bhí an t-ardú sin, den chuid is mó, mar thoradh ar fhás láidir 4% inár bpríomhghnó poist, margaíocht comhbheartaithe agus gníomhaíocht forbartha branda agus arduithe ar roinnt taraifí poist den chuid is mó. D'ardaigh ioncam ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil in oifigí poist 6.1% i rith 2006 agus thuairisc ár bportfóilió d'fhochuideachtaí gnó fás seasmhach freisin.

Tríd is tríd, bhí costais oibriúcháin roimh dhámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha, ag €804.2m, laistigh de bhuiséad, agus caitheadh níos mó airgid i réimsí straitéiseacha áirithe mar shlándáil ag oifigí poist agus tionscnaimh mhargaíochta.

Príomhghnóthaí

Léiríonn an fás de 4% ar an líon poist, ráta atá níos airde ná mar a baineadh amach i bhformhór na riarachán poist Eorpigh, toradh ár bhfócas ar dhíolacháin agus margaíocht, rathúlacht leanúnach gheilleagar na hÉireann agus fás reatha sa stoc tithíochta. Is cúis áthais ar leith é gur baineadh amach é sin i mbliain inar nochtaíodh 62% dár n-ioncam d'iomaíochas mar chuid de phróiseas léirscaoilithe an mhargaidh poist. Tá an Chuideachta muiníneach, dá réir sin, go bhféadfar cur go suntasach le líon poist sna blianta beaga amach romhainn. Chun é sin a bhaint amach, beimid níos gníomhaí sa mhargadh, spreagfar custaiméirí agus nuair is iomchuí, tabharfar dreasacht dóibh úsáid níos mó a bhaint as seirbhísí poist, go háirithe post díreach agus post fógraíochta, agus leis sin cuirfear ar chumas na gcainéal sin gach is féidir leo a bhaint amach. Tá creideamh ann go forleathan go bhfuil tionchar diúltach ag an bhfás atá tagtha ar úsáid an idirlín ar an tseirbhís poist thraidisiúnta. Ní gá go bhfuil sé sin fíor, ós rud é go bhfuil tionchar dearfach agus tábhachtach fós ag an bhfás i ríomhthráchtáil agus ar ríomh-mhiondíolachán ar sheachadtaí beartán.

Léirigh gnó a rinneadh trí líonra Oifig an Phoist fás seasmhach i 2006 freisin. Bhí feidhmíocht mhaith ag BillPay, aistrithe airgid Western Union agus ag seirbhísí Top-Up na bhFón Póca go háirithe. Tá faighteoirí nua leasa shóisialaigh ag roghnú, níos mó agus níos mó, a n-íocaíochtaí a fháil trí aistriú maoinithe leictreonach chuig a gcuntais bainc féin. Mar sin féin, táimid fós muiníneach anseo go mbeidh raon tarraingteach táirgí agus seirbhísí againn trí Postbank, ár gcomhfhiontar nua leis an ngrúpa baincéireachta agus árachais Eorpach, Fortis.

Líonra Miondíola

Ba bhuaicphointe é i 2006 nuair a roghnaíodh Fortis mar chomhpháirtí chomhfhiontair An Post chun seirbhísí baincéireachta miondíola a chur ar fáil. Roghnaíodh Fortis i bhFómhar 2005 as gearrliosta de cheithre chomhpháirtí agus tá Fortis ar cheann de na cuideachtaí seirbhísí airgeadais is mó san Eoraip. Is é atá chun cinn sa mhargadh sna tíortha Benelux agus tá oibríochtaí aige i 20 tír agus oibríonn siad an Belgian Banque de La Poste. Tá tairiscint luach ar airgid ionraic ag Postbank agus beidh sé tarraingteach do chustaiméirí nár chuir an earnáil bhaincéireachta seirbhís dhóthanach ar fáil dóibh go dtí seo agus dóibh sin go léir a bhfuil ceangal acu riamh anall le An Post. Táim sásta gurb ionann sin agus smaointeoireacht cheannródaíoch laistigh den earnáil; ag tabhairt níos mó seirbhísí do na pobail a mbímid ag freastal orthu seachas díreach rogha baincéireachta eile. Trí sin a dhéanamh tá sé i gceist againn ábharthacht ár gcineálacha táirgí agus seirbhísí éagsúla a chinntiú dár gcustaiméirí. Meabhraítear an leibhéal muiníne atá ag an bpobal in An Post dúinn go minic agus treisíonn sin ár mian leanúint ar aghaidh an muinín sin a thuilleamh.

Tá líonra cuimsitheach ag An Post faoi láthair de 1,361 ionad, an líon is airde in aghaidh an daonra san Eoraip. Aithnímid an leibhéal leanúnach athraithe ar mhéid an líonra agus i rith 2007, rachaidh an Chuideachta i mbun athbhreithnithe chuimsithigh agus mionsonraithe ar ghnéithe tráchtála agus sóisialta oifigí poist ar fud na tíre agus ar an tslí a bhfaigheann Máistrí Poist luach saothair. Lorgóidh an t-athbhreithniú sin an bealach is fearr is féidir chun seirbhísí a sheachadadh sna blianta amach romhainn.

Léirscaoileadh an Mhargaidh

Osclaíodh an margadh poist tuilleadh i 2006 agus mar atá luaite thuas, tagann 62% d'ioncaim seirbhísí poist ó réimsí atá go hiomlán oscailte d'iomaíochas anois. Níl na hiontrálaithe nua i bhfad i margadh na hÉireann; is eol don Chuideachta an dúshlán a bhíonn mar thoradh ar iomaíochas níos mó agus táthar ag iarraidh a chinntiú go n-éireoidh linn nuair a bheidh an margadh léirscaoilte go hiomlán i 2009.

Tá cáilíocht seirbhísí poist ar cheann de na réimsí ina gcaithfear feabhas ollmhór a bhaint amach. Níl na staitisticí feidhmíochta cáilíochta don bhliain iomlán 2006, mar a thomhasann TNS mrbi thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar fáil fós, ach is eol dúinn ó fheidhmíocht atá taifeadta don chéad trí ráithe go bhfuil an leibhéal a baineadh amach i bhfad níos ísle ná sprioc sheachadta an lá dar gcionn ComReg de 94%. Níl ár bhfeidhmíocht baol ar bith chomh maith ina thaobh sin is a bheimis féin agus ár gcustaiméirí ag súil leis. Chuaigh an bhainistíocht i mbun roinnt tionscnamh le súil agus feabhsuithe suntasacha a bhaint amach chomh tapa agus is féidir.

Tiomantas chun Athrú a Chomhlíonadh

Thagair mé i mo réamhrá do mhuinín a bheith in An Post arís. Bhain sé sin den chuid is mó le feabhas ar an aeráid chaidrimh thionscail.

Ráiteas an Chathaoirligh ar leanúint

Ar leibhéal níos leithne, is é an dúshlán atá roimh An Post, na fostaithe agus na ceardchumainn ná cultúr athraithe a fhorbairt, cultúr ina mbeidh athrú mar ghnáthphóiseas leanúnach agus comhthoiliúil. Tá sé fíorthábhachtach do thodhchaí na Cuideachta go bhforbrófaí próiseas den sórt sin.

Straitéis Nua

I mí na Samhna 2006, cheadaigh an Bord Plean Straitéiseach nua a chlúdaíonn an tréimhse go 2011. Tá aistriú An Post chuig gnó a bheidh dírithe go hiomlán ar an gcustaiméir agus a mhairfidh agus a rachaidh chun feabhais i margadh iomaíoch ag croílár an phlean sin. Áireofar ar na príomhghnéithe: cur an méid agus is féidir le deiseanna fáis atá ar fáil don Chuideachta; cáilíocht seirbhíse leanúnach ard a sholáthar a fhreastalaíonn ar ionchais na gcustaiméirí agus na ngeallsealbhóirí; agus cur chuige nua a fhorbairt chun rannpháirtocht leanúnach a chinntiú le fostaithe agus lena gceardchumainn, mar aon lenár gconraitheoirí oifigí poist chun timpeallacht oibre spreagthach a mbeidh luach saothair le fáil as a chruthú.

Is cinnte gur plean dúshlánach é an plean nua, go háirithe toisc go gcaithfear é a fheidhmiú in aghaidh chúlra de léirscaoileadh an mhargaidh agus sofaisticiúlacht theicneolaíochta níos mó i gcúrsaí cumarsáide. Mar sin féin, táim cinnte gurb é an plean ceart é do An Post. Tá sé dúshlánach ach tá an poitéinseal aige todhchaí inmharthana a chinntiú do gach geallsealbhóir de chuid An Post.

Tátal

I rith 2006 d'fháiltíomar roimh Donal Connell mar Phríomhfheidhmeannach. Bhí tionchar mór ag Donal cheana féin ar an eagraíocht. Tá struchtúr eagraíochta ardleibhéil nua curtha i bhfeidhm aige agus bhí tionchar ollmhór aige freisin ar an bPlean Straitéiseach nua mar go raibh fís aige maidir le seasamh An Post sa todhchaí. Guím gach rath air an fhís sin a bhaint amach.

Is údar díomá dom é go gcaithfidh mé tagairt do Alan Cuniffe nach maireann, Máistir Poist Oifig Phoist John's Green i gCill Chainnigh. Bhásaigh Alan tar éis robála ag oifig an phoist i mí na Samhna. Ba thubaiste uafásach dá theaghlach a bhás agus ba pointe íseal a bhí ann do An Post freisin i 2006. Ní dhéanfaidh a chomhghleacaithe ná a theaghlach agus a chairde dearmad ar Alan ná an tslí a bhásaigh sé go ceann a bhfad. Ar dheis Dé go raibh a anam.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann agus lenár gconraitheoirí as a ndílseacht agus a gcuid oibre i 2006. Thar mo cheann féin ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a mbealach tiomanta agus dílis ar chomhlíon siad a ndualgais i rith 2006. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus dá oifigigh as a gcúnamh agus a dtacaíocht i rith na bliana agus go háirithe as an gcúnamh ollmhór a thug siad chun an comhfhiontar nua le Fortis a bhrú chun cinn.

Margaret McGinley

Margaret McGinley
Cathaoirleach

22 Márta, 2007

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Donal Connell
Príomhfheidhmeannach

Feidhmíocht Airgeadais

Is é seo mo chéad Thuarascáil Bhliantúil ó ghlac mé leis an ról mar Phríomhfheidhmeannach agus is údar áthais dom a thuairisciú gur lean an fheidhmíocht níos fearr airgeadais a bhí ag An Post le blianta beaga anuas ar aghaidh i 2006.

Tháinig fás 8.8% ar láimhdeachas don bhliain go €819 agus bhí sin mar thoradh go príomha ar ár n-iarrachtaí i ndíolachán agus margaíocht, tháinig fás ar an líon poist agus d'ardaigh praghsanna táirgí poist áirithe. Is ionann an caiteachas oibriúcháin foriomlán do 2006, roimh dhámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha, agus €804.2m. B'ionann agus €14.7m an brabús oibriúcháin roimh dhámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha.

Cé go bhfuil an Chuideachta ag tuairisciú brabús de €75.7m, tar éis cánach, do 2006 tagann sin i bpáirt as sócmhainní a dhíol, bhí €93.5m den ghnóthachan mar thoradh ar ár n-iar áras beartán ar Bhóthar an Náis a dhíol. Tá an leibhéal brabúis oibriúcháin íseal go maith i gcomparáid leis an méid a theastaíonn ón gCuideachta seo ar mhaithe le hinfheistíocht an athnuair agus athnuachan.

Áirítear costais eisceachtúla eile sna cuntais; ar an gcéad dul síos, urscaoileadh ardú iarchurtha ar phá foirne agus luach saothar máistrí poist arb ionann é agus €20m agus ar an dara dul síos, an costas a bhí i gceist le scrúdú agus leanúint de dheis gnó Comhfhiontair le Fortis.

Cáilíocht Seirbhíse

Ba bhliain dhearfach a bhí inti tríd is tríd cé go mba údar díomá agus imní cáilíocht feidhmíochta ár seirbhíse poist. Tá cáilíocht seirbhíse ar cheann de na príomhréimsí a gcaithfear feabhas ollmhór a bhaint amach ina thaobh. Níl na staitisticí feidhmíochta cáilíochta do 2006 ina iomlán, mar a thomhasann TNS mrbi thar ceann an ComReg ar fáil fós, ach is eol dúinn ón bhfeidhmíocht atá taifeadta don chéad trí ráithe (e.g. 74% do Ráithe 3 2006) go bhfuil an leibhéal a baineadh amach i bhfad níos ísle ná sprioc sheachadta an lá dar gcionn de 94% atá socraithe ag ComReg do phíosa poist tosaíochta aonair. Is údar mór imní é sin, ní hamháin mar gheall nach bhfuilimid ag baint amach na sprice rialála, ach mar gheall nach bhfuil an leibhéal cáilíochta atá ár gcustaiméirí i dteideal a bheith ag súil leo, gnáthleibhéal cáilíochta, á bhaint amach againn. Chuir an bhainistíocht tús le tionscnaimh éagsúla le súil agus feabhsuithe suntasacha a bhaint amach chomh tapa agus is féidir, agus i Ráithe 1 2007 tá feabhas mór á fheiceáil againn cheana féin ar leibhéil cháilíochta de réir ár méadrachtaí oibriúcháin féin.

I rith an phróisis rialála as a lean ceadú maidir le hardú ar phraghas idirthréimhseach an ghnáthstampa ó ComReg i mí Feabhra 2007 ó 48c go 55c, tháinig feidhmíocht cháilíochta chun cinn mar shaincheist praghais thábhachtach. Tá sin mar ba chóir dó a bheith, mar go mbaineann an praghas a íoctar as seirbhís le leibhéal cáilíochta ar leith. Tá an Chuideachta tiomanta sprioc sheachadta 80% an lá dar gcionn a bhaint amach i 2007 laistigh den mhonatóireacht atá thuasluaite agus beidh uainiúchán fheidhmiú ardú praghais 2008 nasctha le feidhmíocht in aghaidh an tairsí sin. Is cuspóir idirthréimhseach é sin. Ar deireadh thiar, ní mór do An Post feidhmíocht a bhaint amach agus a choimeád go leanúnach ag leibhéal 94% nó os a chionn sin. Tá tráthchlár measta trí bliana againn chun an sprioc sin a bhaint amach. Mar sin féin, níl aon chúis ann nach mbeadh an Chuideachta ábalta an leibhéal sin cáilíochta a bhaint amach, ós rud é go measann soláthróirí poist Eorpacha eile agus a gcustaiméirí gurb é sin an caighdeán.

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

ar leanúint

Seirbhísí Poist

I 2006, fuair An Post 72.6% dá ioncam foriomlán as seirbhísí poist a sholáthar. Léiríonn an fás de 4% ar fhás líon a bhí níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis, ár bhfócas ar ghníomhaíocht mhargaíochta agus ar bhranda a fhorbairt, feidhmíocht láidir an gheilleagair ina iomlán agus leathnú leanúnach an stoic tithíochta.

Tá an leibhéal fáis sin i líon poist i bhfad níos láidre ná mar atáthar a tuairisciú i dtíortha eile. In ainneoin sin, tá leibhéal níos ísle poist in aghaidh an daonra in Éirinn ná mar is gnách do gheilleagar atá ag déanamh go maith. Ar deireadh thiar, táimid ag teannadh leis an rathúlacht eacnamaíoch chéanna a bhí ag tíortha eile roimhe seo. Tá poitéinseal maith fáis ann i roinnt réimsí, go háirithe maidir le seirbhísí poist dhírigh.

I dtreo dheireadh 2006 bhíomhar ag próiseáil os cionn 3.5m ítim in aghaidh an lae, d'ardaigh sin go 8m thar tréimhse na Nollag. I rith 2006 tugadh athrú próisis tábhachtach chun críche, le cabhair ó chlár uathoibrithe a cuireadh i bhfeidhm le blianta beaga anuas agus chur sin ar ár gcumas post a shórtáil chuig leibhéal bealaigh. Níl sa tionscnamh sin, a raibh athrú ollmhór i gceist leis, ach sampla coincréite amháin maidir le cad a chaithfidh a bheith mar ghnás An Post sna blianta amach romhainn. Chuireamar tús le Clár d'Fheabhsúchán Leanúnach ina dhiaidh sin arb éard atá i gceist leis oibriú go dlúth le custaiméirí lena chinntiú go mbeidh a bpost curtha sa phost ar bhealaí a chuirfidh an méid agus is féidir leis na buntáistí a bhaineann le próiseáil agus sórtáil uathoibrithe.

Aithnímid riachtanais ár gcustaiméirí atá ag athrú agus thugamar isteach portfóilió leasaithe de sheirbhísí poist atá leagtha amach chun ár seirbhísí a dhéanamh níos simplí agus níos trédhearcaí i rith thús na bliana 2006. Fuaireamar freagra dearfach ónár gcustaiméirí.

Thugamar lánpháirtiú ár ngnó beartán chuig ár bpríomhghníomhaíocht phoist chun críche. Coimeádadh formhór an ghnó a rinneadh roimhe seo faoin mbranda SDS agus laghdaíodh costais na Cuideachta go suntasach. Forbróimid ár seasamh tuilleadh sa chuid sin den ghnó poist atá ag fás.

Ba bhliain shuntasach a bhí inti freisin toisc gur laghdaíodh cion an mhargaidh poist a bhí forchoimeádta do An Post mar chuid de léirscaoiladh an mhargaidh. Ag an bpointe seo tá beagnach dhá thrian dár n-ioncam nochtaithe d'iomaíochas iomlán. Is eol do An Post go mbeidh moilliú ar fheasacht i measc an phobail i gcoitinne agus chustaiméirí gnó araon dá roghanna iomaíocha laistiar den phróiseas léirscaoilte. É sin ráite, tuigimid gur bagairt shuntasach é iomaíochas níos mó laistigh den mhargadh dár bpríomhghnó. Ceann de mo phríomhchuspóirí sna blianta amach romhainn ná a chinntiú go mbeidh ar chumas An Post a bheith san iomaíocht i margadh atá oscailte go hiomlán.

Oifigí Poist

Ceann de bhuaicphointí móra 2006 ná an grúpa Eorpach baincéireachta agus árachais, Fortis, a roghnú mar chomhpháirtí comhfhiontair An Post chun seirbhísí baincéireachta miondíola a sholáthar. Tá ardleibhéil ionchais anois ann mar gheall ar chomhaontú le Fortis a bheith curtha i gcrích go rathúil agus ceadú Rialtais a fháil don tionscnamh. De bharr leathadh amach de réir a chéile ar tháirgí agus ar sheirbhísí nua ar fud na tíre le linn 2007, beidh réimse suntasach táirgí nua agus nuálacha á thairiscint ag An Post, rud a chuirfidh níos mó le hábharthacht An Post maidir le bonn custaiméara atá fíor leathan. Geallfaimid go mbeidh níos mó i gceist linn ná díreach rogha amháin eile i margadh seirbhísí airgeadais atá róchasta mar atá sé. Beidh príomhfhócas ar shimplíocht agus ar luach ar airgead agus dá réir beidh meas againn ar an muinín atá ag ár gcustaiméirí asainn nach bhfuil a leithéid eile ann.

B'ionann an líon idirbheart a rinneadh ag oifigí poist agus ag gníomhaireachtaí poist na tíre i rith 2006 agus breis agus 100m. Bhí feidhmíocht thar a bheith maith ag ár seirbhís BillPay agus tháinig ardú ar an líon billí a íocadh i 2006 go dtí 25.5m. Mar sin féin, tá faighteoirí Leasa Shóisialaigh nua ag roghnú níos mó agus níos mó a gcuid íocaíochtaí a fháil trí mhodhanna eile seachas trí oifigí poist.

Tá an líonra oifigí poist ríthábhachtach do chreatlach shochaí na hÉireann ó thaobh chúrsaí gnó agus sóisialta de. Tá laghdú tagtha ar an líonra sin le blianta beaga anuas mar thoradh ar mháistrí/mháistreasaí poist ag dul ar scoir agus ag éirí as a bpost. Bhí tionchar diúltach ag athruithe ar imthosca eacnamaíocha, déimeagrafaic agus pátrúin cheannaigh custaiméirí ar roinnt ionad agus bhí tionchar dearfach ag an méid sin ar ionaid eile. I limistéir thuaithe, is minic gurb í oifig an phoist an t-aon ionad gnó a bhíonn fágtha in áiteanna ina mbíonn gach ceann eile dúnta. I limistéir uirbeacha, bíonn dúshlánacha difriúla roimh oifigí poist. Chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin, tá tús curtha agam le hathbhreithniú ar ár líonra miondíola, lena chinneadh go cruinn cad é an chumraíocht is fearr, agus cuntas á thabhairt do ghnéithe gnó agus sóisialta ár soláthair seirbhíse.

Is maith is eol dúinn na bagairtí a chruthaítear don fhoireann agus do chonraitheoirí de bharr oibriú i dtimpeallacht a láimhseálann suimeanna móra airgid, ar uairibh. I rith 2006 rinneamar dul chun cinn ar mhórinfheistíocht de €15m i mbearta slándála níos fearr a chur i gcrích.

Ag obair le Custaiméirí

De réir mar a dhruideann léirscaoileadh iomlán an tionscail poist linn, ceann de na príomhdhúshláin atá os comhair An Post ná muinín agus tacaíocht ár bpríomhchustaiméirí a choimeád in aghaidh iomaitheoirí atá ag teacht chun cinn. Beidh ról tábhachtach ag an leibhéal seirbhíse do chustaiméirí a chuirimid ar fáil go seasta do na custaiméirí sin maidir lena bhfuil i ndán dúinn amach anseo. Cé gur féidir leis an gCuideachta feabhsú i ndáil leis sin, agus go bhfeabhsóidh sí, táim sásta leis an gcaighdeán caidrimh atá ann cheana féin idir an Chuideachta agus a príomhchustaiméirí, san achar ghairid atáim le An Post.

Léiríonn próifílí na gcustaiméirí atá le fáil sa tuarascáil seo go bhfuil an acmhainneacht, an cumas agus an díograis againn oibriú le príomhchustaiméirí, a riachtanais bheachta a thuiscint agus seirbhísí a sholáthar dóibh a bhíonn leagtha amach chun a spriocanna gnó a bhaint amach. Tá sé i gceist agam a chinntiú sna blianta atá amach romhainn go gcuirfimid leis an raon réiteach saincheaptha a bhíonn ar fáil agus go mbeidh cleachtadh ag gach custaiméir de chuid An Post ar mhórfheabhsúcháin seirbhíse do chustaiméirí.

Caidrimh Thionsclaíoch

Baineann freagracht mhór leis an ról a imríonn An Post maidir le hiomaíochas na hÉireann mar láthair ghnó, rud is maith is eol dom. Tá sé ríthábhachtach do tharraingteacht na tíre mar láthair ghnó go bhfeidhmeoidh ár seirbhísí go gan stró. Baineann tábhacht níos mó le tiomantas gníomhach maidir leis na gnéithe sóisialta dár ngnó a chomhlíonadh i bhfianaise an athraithe cultúrtha atá mar chuid reatha dár n-aistriú ó mhonaplacht Stáit go dtí rannpháirtí iomaíoch sa mhargadh. Tá an méid a bhaineamar amach go rathúil i ndáil leis sin tábhachtach dár gcustaiméirí, dá gcuid gnólachtaí agus dá gcuid fostaithe. Leanfaimid dár n-aistriú chuig cuideachta bhrabúsach agus éifeachtach ó thaobh costais de, i gcomhthéacs mhargadh atá ag teacht chun cinn, a réiteach le cúrsaí sóisialta den sórt sin sna blianta amach romhainn.

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

ar leanúint

Maidir leis an tsaincheist faoin tslí ar féidir athrú leanúnach in An Post a dhaingniú isteach i gcultúr na heagraíochta, táim tiomanta comhaontú a fháil ar fhóram a bhunú ina mbeidh an Chuideachta agus a cuid foirne agus ceardchumainn in ann idirchaidreamh a dhéanamh maidir leis an gclár oibre gnó chun saincheisteanna athraithe a réiteach go tapa. Is príomhchéim i ndáil leis sin é athbhreithniú a dhéanamh, faoi stiúir an éascaitheora neamhspleách Peter Cassells, ó Chomhpháirtíocht mar a d'oibrigh sí roimhe seo in An Post. Tá an t-athbhreithniú sin le críochnú i 2007 agus táim dóchasach go réiteofar an phríomhshaincheist seo chun sástacht na Cuideachta, na foirne agus na gceardchumainn.

Straitéis Nua

Tar éis luacháil a dhéanamh ar an gCuideachta thar roinnt míonna, cheadaigh an Bord plean straitéiseach nua i dtreo dheireadh 2006 a chlúdaíonn an tréimhse go dtí 2011. Mhol an plean sin go n-aistreoimis an Chuideachta isteach ina gnó a bheadh dírithe go hiomlán ar an gcustaiméir agus a bheidh in ann maireachtáil agus éirí go maith leis in aghaidh iomaíochta.

Áirítear ar na príomhghnéithe, cur an méid agus is féidir leis na deiseanna fáis a bhíonn ar fáil do An Post agus ardchaighdeán seirbhíse leanúnach, a chomhlíonanann ionchais na gcustaiméirí agus na scairshealbhóirí, a chur ar fáil. Tá sé i gceist agam forbairt ar mheicníocht d'idirchaidreamh leanúnach lenár bhfostaithe agus lena gcuid ceardchumainn a chinntiú, a bheidh mar chuspóir aici timpeallacht oibre spreagthach agus tairbheach. Tá struchtúr eagraíochta ardleibhéil curtha ar bun chun tacú le seachadadh an phlean straitéisigh seo.

Beidh idir dhúshlán agus thairbhe ann an plean seo a bhaint amach in aghaidh cúlra de léirscaoileadh margaidh agus sofaisticiúlacht theicniúil atá ag méadú ó thaobh cumarsáide de. Ní féidir aon cheann de ghnéithe dearfacha an phlean, ná go deimhin na deiseanna soiléire, a bhaint amach gan tiomantas ó gach duine in An Post ó thaobh athrú leanúnach ar an tslí a dhéanamid ár ngnó agus ar an tslí a fhreagraímid d'athruithe timpeallachta sa mhargadh.

Tátal

Tríd is tríd, ba bhliain shásúil ó thaobh feidhmíocht í 2006 do An Post. Ba bhliain í inar leagadh síos an bunús dúinn aistriú na Cuideachta a bhaint amach. Ba bhliain freisin í, creidim, inar tharla athnuachan ar dhearcadh custaiméirí ar an gCuideachta agus ar mheanma ár bhfostaithe.

Tá buíochas ag dul d'fhostaithe An Post as an dul chun cinn airgeadais a baineadh amach i 2005 agus i 2006. D'éirigh go maith leis an gCuideachta i ngach réimse den ghnó ina bhfuil iomaíochas ann cheana féin. Go deimhin, tá dul chun cinn déanta ina leith sin. Is maith an tuar é an méid sin go léir don todhchaí agus sinn ag díriú níos mó ar riachtanais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis an mBord as a gcríonnacht, a dtacaíocht agus a dtreoir i rith 2006. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le m'fhoireann bainistíochta, ár bhfoireann agus ár gconraitheoirí as an tslí dhíograiseach agus thiomanta a chomhlíon siad a gcuid dualgas i rith 2006. Ar deireadh, is mian liom ár mbuíochas a chur in iúl dár gcomhpháirtithe gnó as an muinín a chuir siad ionainn. Beidh a cuid muiníne mar spreagadh againn leanúint lenár bhfeidhmíocht a fheabhsú agus lena chinntiú go mbeimid mar chomhpháirtithe iontaofa i ngach gné d'idirbhearta loighistice, cumarsáide agus airgeadais.

Donal Connell
Príomhfheidhmeannach

22 Márta, 2007

Bainistíocht

Donal Connell, C.Eng., F.I.E.I., B.E.

Príomhfheidhmeannach, Aois 53

Ceapadh an tUasal Connell ina Phríomhfheidhmeannach an 14 Lúnasa, 2006. Chuir sé tús lena ghairm bheatha sa Roinn Poist agus Telegrafa mar a bhí agus bhí poist bhainistíochta sinsearaí aige in Unitrode Ireland, 3Com Ireland agus Maxtor Ireland áit a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh sé le An Post. Is stiúrthóir neamhfheidhmeannach é de Bhord Eorpach an Xilinx Corporation agus is é Cathaoirleach na hInstitiúide Teicneolaíochta, Baile an Bhlainséir é. Is é an Cathaoirleach ar Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post freisin é.

John Daly, A.C.M.A., M.Sc.(Mgmt.)

Stiúrtóir Oibríochtaí Miondíola, Aois 44

Tháinig an tUasal Daly go An Post i mí na Nollag 1988 agus bhí sé ag obair roimhe sin mar chuntasóir bainistíochta i FÁS. Ina chéad bhlianta le An Post, bhí sé ag obair sa rannán Airgeadais mar chuntasóir bainistíochta. Bhí poist shinsearacha airgeadais agus bainistíochta éagsúla aige ó shin laistigh den rannán Miondíola sula ceapadh é ina phost reatha i mí Dheireadh Fómhair 2006.

Jack Dempsey, B.Comm., M.B.A., M.P.A.

Stiúrthóir Bailiúcháin agus Seachadta, Aois 56

Tháinig an tUasal Dempsey isteach in Oifig an Phoist sa bhliain 1968 mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Poist agus Telegrafa mar a bhí. Tá an-taithí faighte aige i ngach gné d'oibríochtaí poist agus de ghníomhaíochtaí tráchtála, go náisiúnta mar aon le go hidirnaisiúnta agus go leor post sinsearach bainistíochta tríd an gCuideachta aige i rith a shlí bheatha. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bailiúcháin agus Seachadta i mí na Nollag 2006.

Pat Knight, M.Sc.(Mgmt.), F.C.I.P.D.

Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Aois 52

Tháinig an tUasal Knight go dtí An Post i Márta na bliana 2004 mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna. Roimhe sin, bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta Acmhainní Daonna le Waterford Crystal, cuideachta lenar thosaigh sé sa bhliain 1986. Chuaigh sé ar aghaidh ansin trí rólanna éagsúla HR in Éirinn mar aon leis an Ríocht Aontaithe. Ar a thaithí roimhe seo, bhí a chuid oibre mar Oifigeach Pearsanra le Bord na Móna plc. Is Iontaobhaí é de Scéimeanna Aoisliúntais An Post.

Brian McCormick, B.E.(Mech.), M.B.A.

Stiúrthóir Seirbhísí, Aois 47

Tháinig an tUasal McCormick go dtí An Post i mí Bealtaine na bliana 2002 mar Stiúrthóir Straitéise agus ceapadh é ina phost reatha mar Stiúrthóir Seirbhísí i mí Dheireadh Fómhair 2003. Tá taithí aige mar Stiúrthóir ar CRH plc agus ar Merrion Corporate Finance. Is Iontaobhaí é de Scéimeanna Aoisliúntais An Post.

Liam O'Sullivan

Stiúrthóir Próiseála Poist, Aois 40

Tháinig an tUasal O'Sullivan go dtí An Post sa bhliain 1985 mar Chléireach Oifige Poist. Tá taithí leathan faighte aige ar raon iomlán ghnó na Cuideachta i rith a shlí bheatha. Bhí poist shinsearacha éagsúla bainistíochta agus bainistithe tionscadal aige sular ceapadh é ina Stiúrthóir Próiseála Poist i mí Iúil 2004.

Peter Quinn B.Comm., F.C.A., M.B.A.

Príomoifigeach Airgeadais, Aois 48

Tháinig an tUasal Quinn go dtí An Post i mí Lúnasa 2004 agus roimhe sin bhí sé ag obair agus bhí poist shinsearacha airgeadais agus straitéiseacha aige in PJ Carroll and Company plc agus Monaghan Mushrooms Limited. Chuaigh sé faoi oiliúint níos luaithe ina shlí bheatha mar chuntasóir cairte agus d'oibrigh sé i gcleachtas le KPMG.

Liam Sheehan

Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta, Aois 47

Tháinig an tUasal Sheehan go dtí An Post sa bhliain 2000 mar Bhainisteoir Ginearálta Díolacháin & Margaíochta agus ceapadh é ina Stiúrthóir Díolacháin & Margaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2006. Tá taithí fhairsing aige in earnáil earraí tomhaltóra tap-ghluaiseachta na hÉireann agus i gcruthú brandaí, i mbainistiú cainéal agus i straitéisí díolacháin. Bhí poist shinsearacha Díolacháin & Margaíochta aige in Proctor & Gamble agus le Guinness sular tháinig sé go dtí An Post agus bhí sé ina Stiúrthóir Tráchtála le Erin Foods.

Michael Tyndall, B.Comm., F.C.A.

Rúnaí na Cuideachta, Aois 56

Tháinig an tUasal Tyndall go dtí An Post i mí Eanáir 1989 mar Cheann Chuntasaíocht Airgeadais agus ceapadh é mar Rúnaí na Cuideachta in Aibreán na bliana 1998. Chuir sé tús lena shlí bheatha i ngairm na cuntasaíochta agus tá sé cáilithe mar chuntasóir cairte. D'oibrigh sé ansin i ngnólachtaí árachais agus dáilte, áit a raibh poist shinsearacha airgeadais agsu bainistíochta aige. Is Iontaobhaí é de Scéimeanna Aoisliúntais An Post agus is Rúnaí na Cuideachta é freisin le Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post.

Barney Whelan, B.Sc., M.B.A., F.P.R.I.I.

Ceann Cumarsáide agus Gnóthaí Corparáide, Aois 52

Tháinig an tUasal Whelan go dtí An Post i mí Eanáir 2005. Agus go leor blianta caite aige sa tionscal uisceshaothraithe, bhí sé freagrach as caidreamh poiblí agus cumarsáid bhranda i BSL. Ina dhiaidh sin, bhí sé mar Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta leis an mBord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia. Ceapadh é ina phost reatha i mí Dheireadh Fómhair 2006.

screenclick.com

Fás millteanach!

"Is é **Screenclick** an cuideachta postdíola DVDanna is mó atá chun tosaigh in Éirinn – a thugann na scannáin is fearr le custaiméirí díreach chucu sa bhaile. Braitheann ár ngnó go huile agus go hiomlán ar chompháirtí seachadta éifeachtúil le haghaidh DVDanna ó thaobh cíosa agus tabhairt ar ais. Is é sin gnó An Post. Tá ardú mór tagtha ar mhéid an phoist le déanaí – le leathnú ar ár ngnó – ach níl aon lagú tagtha ar sheirbhís An Post."

Frank O'Grady Stiúrthóir Bainistíochta

Athbhreithniú Airgeadais

Forléargas Airgeadais

	2006 €m	2005 €m
Láimhdeachas	**818.8**	752.9
Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla	**14.7**	16.2
Brabús don bhliain airgeadais	**75.7**	40.7

Brabús don bhliain

Ba é an brabús don bhliain airgeadais ná €75.7m, ardú ón mbliain roimhe sin ina raibh brabús de €40.7m. B'ionann brabúis oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla agus €14.7m, léiríonn sin bliain trádála shásúil.

Láimhdeachas

Tháinig ardú €65.9m ar láimhdeachas thar 2005. Sa ghnó poist, d'ardaigh láimhdeachas €50.2m mar gheall ar an ardú ar phríomhthoirteanna poist agus mar gheall ar ioncam a gineadh ó arduithe ar phraghas. Maidir le miondíol, d'fhan na gnóthaí traidisiúnta d'íocaíochtaí leasa agus seirbhísí infheistíochta seasta go maith agus d'ardaigh ioncam ó sheirbhísí eile i rith 2006. D'éirigh go maith le Billpay, Western Union agus seirbhísí Top Up na bhFón Póca go háirithe.

Costais Oibriúcháin

D'ardaigh pá, tuarastail agus costais na máistrí poist roimh dhámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha agus costais phinsin €32.2m sa bhliain. Áirítear ar an ardú sin íocaíocht de ghné na bliana reatha de na harduithe pá atá ag teacht chun cinn faoi chomhaontú pá náisiúnta agus íocaíochtaí táirgiúlachta áirithe faoi chomhaontuithe athraithe araon.

Tháinig ardú €11.7m ar an muirear pinsean, gan chostais i ndáil le dámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha san áireamh, i 2006. Eascraíonn an muirear sin go príomha faoin gcoinbhinsiún cuntasaíochta pinsin FRS17. Tá an coinbhinsiún cuntasaíochta sin níos coimeádaí ná an SSAP 24 a bhí ann roimhe sin agus tá an muirear bliantúil sna cuntais níos luainí anois mar gheall ar ghluaiseachtaí sna margaí airgeadais lasmuigh de smacht na bainistíochta. Dá réir sin, tá tionchar aige sin ar thorthaí oibriúcháin don bhliain agus folaíonn sin feabhas bunúsach ar chorrlach oibriúcháin an phríomhghnó.

Tháinig ardú €23.5m ar gach costas oibriúcháin eile. Tógann an figiúr sin san áireamh an costas ardaithe maidir le slándáil a sholáthar feadh líonra na n-oifigí poist, béim athnuaite ar mhargaíocht, costais cóiríochta níos airde agus ardú ar chostais iompair.

Diúscairt Sócmhainní

I rith na bliana, thuill an Grúpa brabús eisceachtúil roimh cháin ó dhíolachán sócmhainní ar luach €94.7m. Ba é an toradh a bhí leis an áras beartán ar Bhóthar an Náis a dhíol ar €107m ná go raibh brabús de €93.5m déanta roimh cháin ghnóchan caipitiúil de €16.8m. Léirigh an praghas a fuarthas an tábhacht a bhaineann leis an láithreán forbartha den scoth seo. I 2006, fuarthas €1.2m breithniú breise a tháinig as díol na bhfochuideachtaí, Post TS UK Limited agus An Post Transaction Services S.A i 2005.

Comhfhiontar

I mórthionscnamh do An Post, síníodh comhaontú chun cuideachta seirbhísí airgeadais comhfhiontair a bhunú le Fortis i mí Dheireadh Fómhair 2006. Ba thionscadal ollmhór a bhí i bhforbairt an choincheapa sin agus tabhaíodh costais eisceachtúla de €13.9m ina leith. Fuarthas luach iomlán i rith idirbheartaíochtaí do ranníoc An Post de na gnóthaí Postpoint agus One Direct don chomhfhiontar.

Cánachas

Mar a luadh roimhe seo ba é an toradh a bhí le díol an láithreáin ar Bhóthair an Náis ná muirear cáin ghnóchan caipitiúil de €16.8m mar aon le cáin ar bhrabúis trádála sa Ghrúpa agus ba é an toradh a bhí air sin ná muirear cánach iomlán de €20.9m.

Caiteachas Caipitil

€18.9m an caiteachas caipitil iomlán i 2006. B'ionann sin agus ardú €8.6m thar 2005 agus léiríonn sin cumas na Cuideachta infheistíocht a ardú chun tacú lena ghnó anois go bhfuil feabhas ar leachtacht.

Leachtacht

Tá glan-insreabhadh airgid ag an nGrúpa ó oibriúcháin i rith na bliana de €37.1m. Ba é an toradh a bhí le sreabhadh airgid láidir ón dá oibriúchán agus diúscairt sócmhainní ná ardú ar shealúchais airgid amhail an 31 Nollaig 2006. Beidh éilimh ollmhóra ar na hacmhainní airgid sin sa ghearrthéarma, go príomha chun scaoilíocaíochtaí a mhaoiniú a bheidh mar thoradh ar fheidhmiú chláir athraithe éagsúla.

Tá saoráidí rótharraingte i bhfeidhm ag An Post agus níor baineadh aon leas astu i rith na bliana. Oibríonn feidhm cistíochta na Cuideachta faoi pholasaí atá ceadaithe ag an mBord atá ar riosca íseal agus atá neamh-amhantrach. Is é príomhchuspóir na feidhme cistíochta ná a chinntiú go mbíonn fáil ar chistí do ghníomhaíochtaí trádála fad a bhaintear an leas is fearr as an toradh ar na hacmhainní airgid tirim atá ar fáil.

KOMPLETT
KOMPLETT
KOMPLETT
KOMPLETT

Sástacht iomlán

"Is é **Komplett** an gnó ríomhthráchtála is mó atá chun cinn san Eoraip agus tá siopaí idirlín acu i 10 dtír. Fuaireamar ordú gach 36 soicind 24/7/365 anuraidh trínár siopaí idirlín. I gcás mhargadh na hÉireann, seoltar gach ordú ónár stóras atá bunaithe san Ísiltír. Is é an sprioc atá againn freastal ar ár gcustaiméirí ar an tslí is fearr is féidir, ní hamháin trínár láithreán gréasáin cuimsitheach agus an tseirbhís den scoth do chustaiméirí atá againn ach trí dhea-sheachadadh ár dtáirgí a sheachadadh. Agus An Post mar chomhpháirtí straitéiseach againn d'Éirinn, d'éirigh linn cáilíocht ár gcainéil dáileacháin a fheabhsú agus dá réir sin, sástacht ár gcustaiméirí a fheabhsú."

Jeroen van de Meulengraaf Bainisteoir Oibriúcháin

Seirbhís Uilíoch

Ag leanúint Treorach faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist), 2002 (S.I.616 de 2002) a d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Chumarsáide (ComReg), an 23 Bealtaine, 2003, éilítear ar An Post faisnéis a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch, lena n-áirítear an líon gearán agus an tslí a láimhseáiltear iad, a fhoilsiú ina thuarascáil bhliantúil.

Ceanglais an USO (Oibleagáid Seirbhíse Uilíoch)

Faoi Rialachán 4 (2) (a) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist), 2002 (S.I.616 de 2002)"na Rialacháin", tá An Post ainmnithe mar sholáthróir seirbhíse uilechoitinn leis an oibleagáid air seirbhís poist uilechoiteann a sholáthar.

Faoi Rialachán 4 (3) (a), tabharfaidh soláthróir seirbhíse uilechoitinn ráthaíocht, gach lá oibre agus ar feadh tréimhse nach lú ná 5 lá sa tseachtain, ach amháin in imthosca nó coinníollacha geografacha a mheasann ComReg a bheith eisceachtúil, mar íosmhéid an méid seo a dhéanamh:

(i) imréiteach amháin, agus

(ii) seachadadh amháin chuig teach nó áitreabh gach duine nádúrtha nó dlítheánach nó, trí mhaolú, faoi choinníollacha faoi lánrogha ComReg, seachadadh amháin chuig suiteálacha cuí.

Faoi Rialachán 4 (4), cuirfidh seirbhís uilechoiteann na saoráidí íosta seo a leanas san áireamh:

(a) imréiteach, sórtáil, iompar agus dáileadh ítimí poist suas go dtí 2 kg;

(b) imréiteach, sórtáil, iompar agus dáileadh pacáistí poist suas go dtí 20 kg;

(c) seirbhísí d'ítimí cláraithe;

(d) seirbhísí d'ítimí faoi árachas laistigh den Stát agus chuig agus ó gach tír, mar thíortha a shínigh Coinbhinsiún an Aontais Poist Uilechoitinn, a dhearbhaíonn go dtoileann siad ítimí den sórt sin a cheadú cibé go cómhalartach nó in aon treo amháin.

Faoi Rialachán 4(6), clúdóidh na seirbhísí uilechoiteann seirbhísí náisiúnta agus seirbhísí trasteorann araon.

Faoi Rialachán 5, comhlíonfaidh soláthróir seirbhíse uilchoitinn na ceanglais seo a leanas i ndáil le seirbhís uilechoiteann a sholáthar:

(a) tabharfaidh an tseirbhís ráthaíocht maidir le comhlíonadh na gceanglas bunúsach;

(b) cuirfear seirbhís chomhchosúil ar fáil d'úsáideoirí faoi choinníollacha inchomparáide;

(c) cuirfear an tseirbhís ar fáil gan aon chineál idirdhealaithe dá laghad, go háirithe gan aon idirdhealú ag eascairt as breithnithe polaitíochta, creidimh nó idé-eolaíochta;

(d) ní chuirfear isteach ar an tseirbhís ná ní stopfar an tseirbhís ach amháin i gcásanna force majeure; agus

(e) athróidh an tseirbhís mar fhreagairt don timpeallacht theicniúil, eacnamaíoch agus shóisialta agus do riachtanais úsáideoirí.

Rochtain ar Sheirbhísí Uilíocha

Soláthraíonn An Post rochtain ar sheirbhísí trí líonra de 84 oifig poist Cuideachta, 1,277 oifig poist atá á bhfeidhmiú ag conraitheoirí agus 171 gníomhaire poist. Sa bhreis air sin, tá 5,204 áitreabh miondíola ceadúnaithe chun stampaí poist a dhíol. Scaipeadh thart ar 5,000 bosca poist go forleathan ar fud an Stáit chun rochtain fhisiciúil ar an tseirbhís a éascú.

Cuireann an tAcht um Míchumas dualgas ar eagraíochtaí poiblí a chinntiú go mbeidh a bhfoirgnimh agus a seirbhísí poiblí inrochtaine do dhaoine faoi mhíchumas, a mhéid agus is féidir. Go háirithe, caithfear na réimsí sin d'fhoirgnimh a mbíonn rochtain ag an bpobal orthu a dhéanamh inrochtaine ag tráth nach déanaí ná 2015. Chuir An Post tús le clár chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna den sórt sin ag na hoifigí atá faoi úinéireacht aige agus táthar de réir sprice, faoi réir na gceadanna seachtracha riachtananacha, chun a dtiomantas a chomhlíonadh faoin Acht. Feidhmítear móramh na n-oifigí poist áfach ar bhonn conartha ó mháistrí agus ó mháistreasaí poist a cheapann An Post. Níl an chuideachta ábalta iallach a chur orthu a n-áitreabh a athrú ach spreagtar iad aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rochtaine a d'fhéadfadh a bheith i gceist lena n-áitreabh ar bhonn deonach. Éilíonn gach conradh nua ar an máistir nó ar an máistreás poist áitribh inrochtaine a sholáthar.

Taraifí

Is achoimre é seo a leanas ar phraghsanna do sheirbhísí USO (ón 1 Márta 2007).

Éire & Tuaisceart Éireann	Litreacha (suas go C5) (<100g)	Clúdaigh Móra (<100g)	Pacáistí (<100g)	Beartáin (<0.5kg)
Post Caighdeánach	55c †	95c	€2.10	€6.25
Post Cláraithe*	€5.00	€5.00	€5.00	€10.00

**Clúdaíonn an táille iníoctha as seirbhís bhunúsach chláraithe cúiteamh suas le huasmhéid de €320. Tá cúiteamh breise suas go dtí uasteorainn de €1,500 ar fáil ar €4 agus suas go dtí uasteorainn de €2,000 ar €5 bunaithe ar an luach a fhógraítear ag tráth an phostála.*

†Sa chás go n-íocann an custaiméir trí mhéadar frainceála nó Ceadúnas, bíonn lascaine mhodh íocaíochta 1c don ráta litreach infhiedhme i.e. praghas 54c

Áiteanna Eile	<50g	<50g	<50g	<0.5kg
Post Caighdeánach	78c	€1.45	€2.60	€17.50 An Ríocht Aontaithe €25.00 An Eoraip €21.00 An Chuid Eile den Domhan
Post Cláraithe*	€4.93	€5.60	€6.75	€22.00 An Ríocht Aontaithe €30.00 An Eoraip €26.00 An Chuid Eile den Domhan

**Braitheann infhaighteacht na seirbhísí ar an riarachán poist sa tír ceann scríbe. Cúiteamh suas go dtí €320 sa Ríocht Aontaithe; €150 san Eoraip; €100 do bheartáin agus €35 do litreacha lasmuigh den Eoraip*

Tá tuilleadh eolais i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn An Post ar fáil ó Sheirbhísí do Chustaiméirí An Post ar CallSave 1850 57 58 59 nó ó *www.anpost.ie*

Seirbhís Uilíoch ar leanúint

Cáilíocht Seirbhíse

Shocraigh an Coimisiún Eorpach an caighdeán feidhmíochta cáilíochta do sheachadadh poist trasteorann ion-Chomhphobail agus aistríodh isteach i ndlí na hÉireann é faoi Rialachán 12(2) de na Rialacháin agus a Sceidil. Seo a leanas caighdeán cáilíochta mhíreanna poist sa chatagóir caighdeánach is tapúla:

D+3: 85% d'ítimí; D+5: 97% d'ítimí,
áit a dtagraíonn D don lá postála.

Éilíonn na Rialacháin ar ComReg caighdeán cáilíochta seirbhíse a shocrú don tseribhís uilechoiteann agus ní mór don chaighdeán a shocraítear do phost baile a bheith comhoiriúnach leis na caighdeáin sin do sheirbhísí trasteorann laistigh den Chomhphobal.Tá sprioc cáilíochta seirbhíse baile socraithe ag ComReg do phost tosaíochta píosa aonair baile mar seo a leanas:

D+1: 94% D+3: 99.5%.

Déanann TNS mrbi monatóireacht ar fheidhmíocht in aghaidh na spriocanna sin thar ceann ComReg. Tá mionsonraí na dtorthaí is déanaí ón monatóireacht sin ar fáil ó láithreán gréasáin ComReg www.comreg.ie.

Gearáin ó Chustaiméirí

Rinneadh 315,642 glao teileafóin chuig Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí An Post sa bhliain 2006. Ba ghnáthfhiosrúcháin nó fiosrúcháin ghinearálta seachas gearáin a bhí ina bhformhór sin.

Tá sé de cheanglas ar An Post taifid a choinneáil de ghearáin ó chustaiméirí ag cur caighdeán Eorpach I.S.:EN 14012:2003 san áireamh. Tugann an tábla briseadh síos ar na gearáin i scríbhinn a fuarthas ó chustaiméirí i rith 2006. Léiríonn an líon iomlán fós codán fíorbheag den trácht phoist iomlán a láimhseáladh i rith na bliana.

Gearáin i scríbhinn a fuarthas ó chustaiméirí:	
Ítimí a cailleadh nó ar cuireadh moill mhór orthu	23,619
Ítimí a ndearnadh damáiste dóibh	756
Ítimí a tháinig mall	1,475
Bailiúchán nó seachadadh poist:	
Am seachadta	62
Nár éirigh seachadadh laethúil a dhéanamh chuig an mbaile ná áitreabh	396
Amanna bailiúcháin/Nár éirigh a bhailiú	12
Mísheachadadh	99
Rochtain ar eolas seirbhíse do chustaiméirí	27
Post nár íoctha a dhóthain ina leith	25
Taraifí d'ítim aonair poist/scéimeanna agus coinníollacha lascaine	22
Ítimícláraithe	6,190
Athrú seoladh (Athstiúradh)	10
Iompar agus inniúlacht phearsanra poist	47
An tslí a ndéileáiltear le gearáin	7
Eile (nach bhfuil san áireamh thuas)	1,064
Iomlán	33,811

Ceanglaíonn ComReg ar An Post freisin Cód Cleachtais a fhoilsiú chun déileáil le Gearáin ó Chustaiméirí agus cuireadh moladh ina leith sin faoi bhráid ComReg i rith na bliana 2006.

Eisiúintí Stampaí agus Foilseacháin Stampshanais

I rith na bliana 2006, d'eisigh an tSeirbhís Stampshanais 45 stampa speisialta agus comórtha. Clúdaíodh raon leathan ábhar a léirigh imeachtaí comhaimseartha, mar Éire ag óstáil Corn Ryder, agus comórthaí áirithe mar Éirí Amach 1916 agus Cath Somme chomh maith le topaicí ar díol spéise iad i gcónaí mar Uiscebhealaí Intíre agus Crainn Dhúchasacha na hÉireann. Gné faoi leith ab ea nuálaíocht theicniúil de chlár stampaí na bliana 2006 agus eisíodh céad stampaí "lionsacha" na hÉireann (ina gcuirtear gluaiseacht sa stampa ina luí orainn trí theicneolaíocht holografach) do Chorn Ryder agus cuireadh Braille ar stampa Madraí Treoracha do Dhaill na hÉireann.

Eisíodh cúig stampa eile sa tsraith chinntitheach reatha – sraith an-tarraingteach Bláthanna fiáine na hÉireann. Chomh maith leis sin, d'eisigh an tSeribhís Stampshanais Pacáiste Bliantúil agus an Bhliainiris bhliantúil, foilseachán álainn ina dtugtar cúlra na stampaí, léargas faisnéiseach i bhfoirm focal agus pictiúr ar na hábhair a ndéantar iad a chomóradh ar stampaí na hÉireann i rith na bliana.

Innéacs do na Ráitis Airgeadais

28 Tuarascáil na Stiúrthóirí

32 Rialachas Corparáideach

40 Ráiteas na Stiúrthóirí ar na Córais Chuntasaíochta

41 Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

42 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

45 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách ar na Córais Chuntasaíochta

46 Beartais Chuntasaíochta

50 Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite

51 Ráiteas Comhdhlúite ar na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

52 Clár Comhardaithe Comhdhlúite

53 Clár Comhardaithe na Cuideachta

54 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite

55 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

76 Achoimhre Airgeadais Cúig Bliana

77 Staitisticí Oibriúcháin